– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014[5], agus go háirithe Airteagal 26 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/887 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 maidir leis an samhailrialachán airgeadais do chomhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6],

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0056/2025),

1. ag formheas dhúnadh chuntais an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste don bhliain airgeadais 2023;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 427, 30.11.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2085/oj.

6 IO L 142, 29.5.2019, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/887/oj.

**23. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2025 ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthais an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 (2024/2031(DEC))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint do cinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint do cinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Shliseanna don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste don bhliain airgeadais 2023,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0056/2025),

A. de bhrí gur bunaíodh Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan, Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach, an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan, an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach, an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa, an Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste agus Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 le Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle [1] lena mbunaítear na Comhghnóthais faoin gclár Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014, ar a dtugtar 'an Bunghníomh Aonair';

B. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha le Rialachán (AE) 2021/2085, de bhrí gur aistríodh an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha go dtí an Comhghnóthas um Shliseanna i mí Iúil 2023 de bhun Rialachán (AE) 2023/1782 ón gComhairle [2];

C. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt in Aibreán 2007 le Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle [3];

D. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach le Rialachán (AE) 2021/1173 ón

---

1 Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2085/oj).

2 Rialachán (AE) 2023/1782 ón gComhairle an 25 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna (IO L 229, 18.9.2023, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1782/oj).

3 Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó (IO L 90, 30.3.2007, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/198/oj).

gComhairle [1];

E. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair chun bainistíocht nuachóirithe aerthráchta (BAT) a fhorbairt san Eoraip agus chun luas a chur le tabhairt i gcrích an Aerspáis Dhigitigh Eorpaigh trí thaighde agus nuálaíocht;

F. de bhrí gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan a bhíonn ag díriú ar thaighde agus nuálaíocht chun an eitlíocht a chlaochlú i dtreo todhchaí inbhuanaithe atá aeráidneodrach;

G. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é an Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach a bhíonn ag díriú isteach ar thaighde agus nuálaíocht sláinte atá idirdhisciplíneach, inbhuanaithe agus a thugann tús áite don othar;

H. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan i réimse an taighde agus na nuálaíochta i dteicneolaíocht na gceall breosla agus hidrigine;

I. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-príobháideach é an Comhghnóthas um Shliseanna a bhíonn ag díriú isteach ar thaighde agus nuálaíocht in eochairtheicneolaíochtaí digiteacha atá bunriachtanach le go mbainfidh an Eoraip ceannaireacht iomaíoch amach sa gheilleagar digiteach, go sonrach in earnáil na gcomhpháirteanna agus na gcóras leictreonach;

J. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-príobháideach é an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach a bhíonn ag díriú isteach ar thaighde agus nuálaíocht i gcomhair earnáil de thionscail bhithbhuanaithe chiorclacha atá inbhuanaithe agus iomaíoch;

K. de bhrí gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa le haghaidh taighde agus nuálaíochta in earnáil an iarnróid;

L. de bhrí gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach lena gcumasaítear comhthiomsú acmhainní chun ríomhaireacht ardfheidhmíochta a fhorbairt agus a imlonnú san Eoraip;

M. de bhrí gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an

---

[1] Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488 (IO L 256, 19.7.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1173/oj).

Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste a bhíonn ag díriú isteach ar cheannaireacht theicneolaíoch na hEorpa agus a hailíniú straitéiseach le tionscal na teileachumarsáide a neartú agus ar ghlacadh réiteach digiteach a chothú;

N. de bhrí gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 a bhíonn ag díriú isteach ar ualach socheacnamaíoch na ngalar tógálach san Afraic Fho-Shahárach a laghdú a bhuí le feidhmeanna teicneolaíochta sláinte nua agus feabhsaithe chomh maith le feabhas a chur ar ullmhacht agus ar fhreagairt do ghalair thógálacha chun críocha domhanda;

O. de bhrí gurb é aidhm an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt ná rannchuidiú an Aontais a chur ar fáil do thionscadal idirnáisiúnta fuinnimh comhleá ITER, an comhaontú maidir le cur chuige níos leithne idir Euratom agus an tSeapáin a chur chun feidhme, agus ullmhú do thógáil imoibreora comhleá taispeána agus saoráidí gaolmhara;

***Ginearálta***

1. ag tabhairt dá haire gur cheart, le ról na gcomhghnóthas, tacú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta sna réimsí seo a leanas: iompar, fuinneamh, sláinte, tionscail bhithbhunaithe chiorclacha, príomh-chomhpháirteanna leictreonacha, sár-ríomhaireacht agus córais líonra; á iarraidh ar na comhghnóthais claochlú an eolais eolaíoch ina nuálaíochtaí indíolta a chur chun cinn, agus sásraí a bhunú chun a áirithiú go dtiocfaidh méadú ar iomaíochas na hEorpa ar fud an domhain mar thoradh ar a ngníomhaíocht;

2. á chur i bhfios go láidir, dár leis an gCúirt Iniúchóirí (an ‘Chúirt’), go bhfuil na comhghnóthais ag dréim le buiséad comhiomlán EUR 17 mbilliún le fáil, faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha, ó ranníocaíochtaí airgid thirim an Aontais agus ranníocaíochtaí EUR 21,1 billiún a ghiaráil ó chomhaltaí eile;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil cineál na gcomhghnóthas bunaithe ar chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a stiúrann infheistíocht agus a dhéanann cistí poiblí agus príobháideacha a ghiaráil chun comhspriocanna a chistiú; á mheabhrú, i ndáil leis sin, nach mór do ranníocaíochtaí na gcomhaltaí príobháideacha spriocanna bunaithe a bhaint amach chun go leanfaidh comhpháirtíochtaí den sórt sin de bheith chun tairbhe an dá thaobh; á iarraidh ar chomhghnóthais a cheadaíonn ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí breise (IKAA) spleáchas iomarcach ar ranníocaíochtaí den sórt sin a sheachaint, i gcás inar féidir, chun spriocanna bunaithe a bhaint amach;

4. á aithint gur rannchuidigh na Comhghnóthais go suntasach chun taighde, nuálaíocht agus forbairt teicneolaíochta a thabhairt chun cinn feadh earnálacha éagsúla, lena n-áirítear eitlíocht, iarnróid agus

bainistíocht aerthráchta, agus go bhfuil siad ríthábhachtach chun cuspóirí straitéiseacha an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht, an claochlú digiteach agus iomaíochas, a bhaint amach.

5. á chur in iúl gur geal léi an tuarascáil bhliantúil ón gCúirt maidir le comhghnóthais an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 (‘an tuarascáil ón gCúirt’); á chur i bhfios go láidir go bhfuil misean na Cúirte ríthábhachtach do chur chun feidhme fónta bhuiséad an Aontais agus d’fhormhaoirseacht ar an mbuiséad;

6. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Chúirt tuarascáil bhliantúil ar fáil don údarás um urscaoileadh ar Chomhghnóthais an Aontais Eorpaigh ina bhfuil ráiteas dearbhaithe sonrach do gach ceann de na comhghnóthais maidir lena gcuntais bhliantúla agus a mbun-idirbhearta; ag teacht leis an tuairim, anuas ar na forálacha dlíthiúla a bhfuil de cheangal ar an gCúirt, go meastar a bhuí le creat institiúideach na gcomhghnóthas gur fiú don Chúirt aird ar leith a dhíriú orthu; á iarraidh go leanfaí den dea-chleachtas sin; á chur in iúl gur geal léi dea-chomhar na gcomhghnóthas leis an gCúirt le linn dhréachtú na tuarascála ón gCúirt agus á chur in iúl gur geal léi na mínithe a tugadh ar roinnt de na barúlacha agus béim ar an ábhar a rinneadh sna freagraí a chuir na comhghnóthais ar fáil;

7. á chur in iúl gur geal léi gur bhain dhá chomhghnóthas neamhspleáchas airgeadais amach le linn na bliana airgeadais 2023, eadhon an Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste an 24 Deireadh Fómhair 2023 agus Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 an 23 Samhain 2023; ag tabhairt dá haire thairis sin, mar thoradh air sin, go ndearna an Chúirt iniúchadh ar an dá chomhghnóthas sin den chéad uair, sa bhreis ar na naoi gcomhghnóthas a raibh iniúchadh déanta ag an gCúirt orthu cheana féin don bhliain airgeadais 2022;

8. á chur i bhfáth go dtuigeann sí go ndearna imeachtaí tábhachtacha difear suntasach do roinnt comhghnóthas le linn na bliana airgeadais 2023 a raibh tionchar acu ar dócha go n-athródh siad a bhfeidhmíocht; ag cur béim, ar bhealach níos beaichte, ar an méid seo a leanas:

   (a) go raibh tionchar suntasach ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar gheilleagar an Aontais agus ar shlabhraí soláthair, rud a rinne difear mór do ghníomhaíochtaí roinnt comhghnóthas;

   (b) go bhfuil iarmhairtí phaindéim COVID-19 fós le brath ar fud na hEorpa sa lá atá inniu ann agus, le linn na bliana airgeadais 2023, gur shuaitheadh ollmhór fós é do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus riaracháin;

   (c) ag tabhairt dá haire go raibh tionchar ag na hardleibhéil bhoilscithe arbh iad an dá theagmhas thuasluaite ba chúis leo ar

na comhghnóthais;

9. ag aithint na dtairbhí a bhaineann le comhghnóthais, a thábhachtaí atá comhar poiblí-príobháideach maidir le nuálaíocht a chothú, taighde agus forbairt a chur chun cinn agus tairbhí eacnamaíocha na gcomhpháirtíochtaí; ag tabhairt dá haire gur féidir le comhghnóthais, idir phoiblí agus phríobháideach, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar bhealach níos éifeachtaí trí acmhainní agus saineolas ón dá earnáil a chomhthiomsú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá trédhearcacht, cuntasacht agus úsáid éifeachtúil cistí poiblí ag comhghnóthais;

10. á aithint go bhfuil luach leis na tionscnaimh a chothaíonn rannpháirtíocht agus rannpháirteachas geallsealbhóirí amhail glaonna oscailte ar léirithe spéise agus glaonna comhpháirteacha ar fud na gComhghnóthas, agus go bhfuil siad ríthábhachtach chun leas a bhaint as an saineolas agus na hacmhainní comhpháirteacha; ag tarraingt aird ar leith ar an nglao comhpháirteach ar thograí a sheol Comhghnóthas Iarnróid na hEorpa agus Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair - an chéad ghlao comhpháirteach dá leithéid ó chomhghnóthais atá dírithe ar ghréasán comhtháite aeir agus iarnróid a fhorbairt le haghaidh córas iompair ilmhódaigh inbhuanaithe;

11. á mheabhrú nach mór do chomhghnóthais a n-oibríochtaí a dhéanamh de réir bainistíocht fhónta airgeadais, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú go héifeachtach le cuspóirí beartais an Aontais chomh maith le cur chun feidhme fónta bhuiséad an Aontais; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, mar sin féin, sraith gnéithe a chuirtear i láthair iad sa rún seo, i bhfianaise na dtorthaí ón gCúirt;

***Cuntais bhliantúla***

12. ag tabhairt dá haire go léirítear sa tuarascáil ón gCúirt go gcuirtear i láthair go réasúnta ard i gcuntais bhliantúla 2023 an aon chomhghnóthas déag a ndearnadh iniúchadh orthu, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais ón 31 Nollaig 2023, torthaí a n-oibríochtaí agus a sreafaí airgid, agus athruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch, i gcomhréir lena rialacháin airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire thairis sin, mar thoradh air sin, gur eisigh an Chúirt tuairimí iniúchóireachta neamhcháilithe maidir le hiontaofacht chuntais bhliantúla na gcomhghnóthas;

13. ag tabhairt dá haire go luaitear sa tuarascáil ón gCúirt go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais bhliantúla dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha; ag tabhairt dá haire thairis sin, mar thoradh air sin, gur eisigh an Chúirt tuairimí iniúchóireachta gan choinníoll maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus na n-íocaíochtaí

is bun le cuntais na gcomhghnóthas araon;

14. ag tabhairt dá haire, dar leis an gCúirt, nár tugadh treoraíocht leordhóthanach don Chomhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste agus do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 maidir lena gcuntais bhliantúla chéaduaire, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ngá atá le soiléireacht chun idirdhealú a dhéanamh idir na hacmhainní airgeadais arna mbainistiú ag an gCoimisiún sular bhain siad a neamhspleáchas airgeadais amach agus ag na comhghnóthais tar éis dóibh é a bhaint amach; ag athdhearbhú mholadh na Cúirte maidir le gníomhaíocht i ndáil leis sin ina moltar gur cheart treoirlínte cuntasaíochta a fhorbairt ar bhealach soiléir agus sothuigthe inar cheart na rialacha maidir le tíolacadh na gcéad chuntas bliantúil de chuid comhghnóthas nua a shonrú agus gur cheart go n-áireofaí sna treoirlínte sin treoracha maidir le conas na hacmhainní airgeadais arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún a dheighilt ó na hacmhainní airgeadais arna gcur chun feidhme ag comhghnóthas tar éis dó a neamhspleáchas airgeadais a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir gur measadh go raibh an riosca d'iontaofacht na gcuntas bliantúil íseal do gach comhghnóthas seachas an Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste agus Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3, ar measadh go raibh an riosca d'iontaofacht ina leith ina mheánriosca, mar gheall ar na castachtaí a bhain le haistriú leithreasuithe agus sócmhainní buiséid ó fhreagracht an Choimisiúin chuig freagracht an chomhghnóthais;

15. ag tabhairt dá haire go dtáirgtear cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt ar bhonn bhonnlíne thionscadal ITER atá i bhfeidhm ó 2023 ach go bhfuil an tionscadal sin faoi réir athbhreithniú leanúnach, ar dócha go mbeidh athruithe suntasacha ar an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt mar thoradh air agus ar an gcostas iomlán measta a bheidh air tráth a chríochnaithe; á chur i bhfios go láidir gur cheart don chomhghnóthas lena mbaineann gach gníomhaíocht is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach ionann an bhonnlíne amach anseo agus a hiarmhairtí don ghá atá le ranníocaíochtaí airgid ón Aontas leis an gcomhghnóthas agus dliteanas do bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire ó éisteacht an chomhghnóthais lena mbaineann sa Choiste um Rialú Buiséadach go raibh sé róluath, tráth na héisteachta agus de réir an chomhghnóthais lena mbaineann, meastachán a thabhairt ar thionchar airgeadais an athbhreithnithe sin; á chur in iúl, thairis sin, gur cúis bhuartha di na moilleanna a mbíonn tionchar acu ar thionscadal ITER, mar gheall ar thosca nach bhfuil neart ag an gcomhghnóthas orthu;

16. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag atheagrú an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt ar a ghníomhaíochtaí, go háirithe na héagobhsaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith gearrthéarmach nó

meántéarmach agus na rioscaí oibríochtúla don chomhghnóthas; á chur in iúl gur geal léi feasacht an chomhghnóthais lena mbaineann ar na saincheisteanna sin agus an míniú a tugadh ar a thuairimí maidir leis an gcás; á chur in iúl gur geal léi an fhaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil le linn éisteacht an chomhghnóthais lena mbaineann sa Choiste um Rialú Buiséadach, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an riosca do leanúnachas gnó a mhaolú go dtí seo a bhuí le spleáchas láidir ar chláir agus ar thionscadail atá ann cheana; á chur in iúl gur geal léi an tsolúbthacht a tugadh isteach leis an struchtúr nua maitríse;

17. ag tabhairt dá haire gur measadh go raibh an riosca do dhlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim íseal do gach comhghnóthas;

***Bainistíocht buiséid agus airgeadais***

18. ag tabhairt dá haire gurbh ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 don 11 chomhghnóthas arna n-iniúchadh ag an gCúirt agus EUR 4,25 billiún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 3,87 billiún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, de réir na Cúirte, a mheasann go n-áirítear sa bhuiséad iomlán atá ar fáil leithreasuithe nár úsáideadh ó bhlianta roimhe sin, a d'iontráil na comhghnóthais arís i mbuiséad na bliana reatha agus ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí go dtí an chéad bhliain eile; ag tabhairt sí dá haire ar bhealach níos beaichte:

    (a) gurbh ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 do Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus EUR 111,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (i gcomparáid le EUR 158,8 milliún in 2022) agus EUR 241,5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le EUR 146,9 milliún in 2022); á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2023 92 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 81 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn nach raibh aon saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhain le luas chur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth, mar sin féin, ráta íseal forghníomhaithe a leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas bonneagair agus oibriúcháin, a shroich 55 %; ag cur sonrú sa mhíniú ar an gcomhghnóthas agus á iarraidh go ginearálta ar an gcomhghnóthas luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad;

    (b) B'ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan agus EUR 269 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (i gcomparáid le EUR 411,2 milliún in 2022) agus EUR 486,4 milliún i leithreasuithe

faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le EUR 415,3 milliún in 2022); á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2023 98,58 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 51,18 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn go raibh saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhain le luas chur chun feidhme an bhuiséid; ag tabhairt dá haire go háirithe gurb ionann rátaí forghníomhaithe an dá theideal caiteachais oibríochtúil atá aici agus 80,50 % agus 81,11 % faoi seach do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; á chur i bhfáth, thairis sin, ráta íseal forghníomhaithe a leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas bonneagair, a shroich 60,52 %; á chur in iúl gur oth léi go mór an méid tábhachtach EUR 177 milliún a leithdháileadh ar theideal 5 dá bhuiséad le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh, méid a bhfuil ráta forghníomhaithe teicniúil 0 % aige; ag cur sonrú sa mhíniú ar an gcomhghnóthas agus á iarraidh go ginearálta ar an gcomhghnóthas luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad;

(c) B’ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 do Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach agus EUR 223,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (i gcomparáid le EUR 272,4 milliún in 2022) agus EUR 225,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le EUR 174,8 milliún in 2022); á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2023 92,65 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 90,29 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn nach raibh aon saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhaineann le luas cur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth, mar sin féin, rátaí ísle forghníomhaithe a leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus a leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas bonneagair, a shroich 68,67 % agus 67,30 % faoi seach; ag cur sonrú sa mhíniú ar an gcomhghnóthas agus á iarraidh go ginearálta ar an gcomhghnóthas luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad;

(d) B’ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 don Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan agus EUR 268,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (i gcomparáid le EUR 314,3 milliún in 2022) agus EUR 327,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le EUR 118,3 milliún in 2022); á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais an

Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2023 96,62 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 85,43 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, lena léirítear nach raibh aon saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhain le luas chur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth, mar sin féin, gurbh ann do ráta íseal forghníomhaithe maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe dá chaiteachas oibríochtúil arna mhaoiniú faoi Fhís 2020 a shroich 69,41 %; á chur i bhfáth, thairis sin, gurbh ann do ráta íseal forghníomhaithe a leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus a leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas bonneagair, a shroich 71,21 % agus 60,60 % faoi seach; ag cur sonrú sna mínithe ar an gcomhghnóthas agus á iarraidh go ginearálta ar an gcomhghnóthas luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad;

(e) B’ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 don Chomhghnóthas um Shliseanna agus EUR 835,7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (i gcomparáid le EUR 261,4 milliún in 2022) agus EUR 518,4 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le EUR 222,2 milliún in 2022); á chur in iúl, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais an Chomhghnóthais um Shliseanna, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2023 100 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 37 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn go raibh saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhaineann le luas chur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth, go háirithe, go bhfuil ráta forghníomhaithe an-íseal ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas oibríochtúil, a shroich 36 %; ag cur sonrú sa mhíniú ar an gcomhghnóthas ach á chur in iúl gur oth léi go mór ráta íseal forghníomhaithe den sórt sin agus á iarraidh go ginearálta ar an gcomhghnóthas luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad; ag tabhairt dá haire gur thug na gnéithe sin, i ndáil leis an gcistiú méadaithe ar bhain an Comhghnóthas um Shliseanna tairbhe as in 2023 agus arbh éigean don Chomhghnóthas um Shliseanna a chur chun feidhme, gur thug na gnéithe sin ar an gCúirt a mheas go raibh an riosca do bhainistiú buiséid ina mheánriosca don chomhghnóthas sin;

(f) B’ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 don Chomhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach agus EUR 227,4 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (i gcomparáid le EUR 264,2 milliún in 2022) agus EUR 137,4 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le EUR 80,3 milliún in 2022); á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus

airgeadais an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2023 97,6 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 90,3 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn nach raibh aon saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhain le luas chur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth, mar sin féin, rátaí ísle forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don chuid dá chaiteachas riaracháin atá tiomnaithe do thuarastail, a shroich 64 % agus 57 % faoi seach, chomh maith le ráta íseal forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don chuid dá chaiteachas riaracháin atá tiomnaithe do chaiteachas riaracháin eile, a shroich 54 %; ag cur sonrú sa mhíniú ar an gcomhghnóthas agus á iarraidh go ginearálta ar an gcomhghnóthas luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad;

(g) B’ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 don Chomhghnóthas um Iarnród na hEorpa agus EUR 102,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (i gcomparáid le EUR 171,4 milliún in 2022) agus EUR 120,3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le EUR 180,8 milliún in 2022); á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2023 97 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 82 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, rud a léiríonn nach raibh aon saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhain le luas chur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth, mar sin féin, go bhfuil ráta íseal forghníomhaithe ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don chuid sin dá chaiteachas oibríochtúil a mhaoinítear faoi Fhís 2020, a shroich 67 %; ag cur sonrú sa mhíniú ar an gcomhghnóthas agus á iarraidh go ginearálta ar an gcomhghnóthas luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad; á chur i bhfios gur chuir an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa na híocaíochtaí deiridh siar go 2024 mar gheall ar shaincheisteanna teicniúla a bhí ag tairbhithe; á thabhairt dá aire go bhfuil roinnt tionscadal ann nár éiligh a mbuiséid ina n-iomláine, lenar laghdaíodh an gá le híocaíochtaí oibríochtúla thart ar EUR 4,1 milliún; á iarraidh ar an gcomhghnóthas lena mbaineann plean a fhorbairt maidir le conas feabhas a chur ar na hoibleagáidí tuairiscithe cuntasaíochta; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé tacú leis an gComhghnóthas i bhfianaise na mbuntáistí bunúsacha atá ag iarnróid ó thaobh feidhmíocht chomhshaoil, úsáid talún, tomhaltas fuinnimh agus sábháilteachta de.

(h) B’ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 don

Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach agus EUR 1 136 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (i gcomparáid le EUR 1 374,5 milliún in 2022) agus EUR 1 058 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le EUR 629,9 milliún in 2022); á chur in iúl go dtuigeann sí thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2023 83 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 19 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn go raibh saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhain le luas chur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth, go háirithe, go bhfuil ráta forghníomhaithe an-íseal ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas oibríochtúil, a shroich 19 %; ag cur sonrú sa mhíniú ar an gcomhghnóthas ach á chur in iúl gur oth léi go mór ráta forghníomhaithe chomh híseal sin; á chur i bhfáth, thairis sin, ráta íseal forghníomhaithe a leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus a leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas riaracháin, a shroich 45 % agus 42 % faoi seach; ag cur sonrú sa mhíniú ar an gcomhghnóthas agus á iarraidh go ginearálta ar an gcomhghnóthas luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad; ag tabhairt dá haire gur thug na gnéithe sin, i ndáil leis an gcistiú méadaithe ar bhain an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach tairbhe as in 2023 agus arbh éigean don Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a chur chun feidhme, gur thug na gnéithe sin ar an gCúirt a mheas go raibh an riosca do bhainistiú buiséid ina mheánriosca don chomhghnóthas sin; á chur in iúl gur geal léi an fhaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil le linn éisteacht an chomhghnóthais lena mbaineann sa Choiste um Rialú Buiséadach maidir leis na cúiseanna atá leis an ráta mall forghníomhaithe sin;

(i) EUR 134,7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 122,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhí sa bhuiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 don Chomhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste; á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2023 99 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 89 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; á mheas, i bhfianaise na tréimhse giorra ama ar lena linn a bhain an comhghnóthas neamhspleáchas airgeadais amach sa bhliain airgeadais 2023, nach bhfuil aon fhorais leordhóthanacha ann ar a bhféadfadh Parlaimint na hEorpa a tuairim a chur in iúl maidir le cáilíocht bhainistíocht airgeadais an chomhghnóthais agus é sin á dhéanamh de mheon macánta; ag tabhairt dá haire, mar

sin féin, mar gheall ar an gcás sin, gur measadh go raibh an riosca do dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais riaracháin ar mheánriosca don chomhghnóthas;

(j) B’ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 agus EUR 136,4 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 2,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2023 100 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 47 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; á mheas, i bhfianaise na tréimhse giorra ama ar lena linn a bhain an comhghnóthas neamhspleáchas airgeadais amach sa bhliain airgeadais 2023, nach bhfuil aon fhorais leordhóthanacha ann ar a bhféadfadh Parlaimint na hEorpa a tuairim a chur in iúl maidir le cáilíocht bhainistíocht airgeadais an chomhghnóthais agus é sin á dhéanamh de mheon macánta; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, mar gheall ar an gcás sin, gur measadh go raibh an riosca do dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais riaracháin ar mheánriosca don chomhghnóthas;

(k) B’ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2023 don Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus EUR 807 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (i gcomparáid le EUR 981,2 milliún in 2022) agus EUR 631,5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le EUR 844 mhilliún in 2022); á chur in iúl go dtuigeann sí thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2023 73 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 95 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn go raibh saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhaineann le luas cur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth, go háirithe, go bhfuil ráta íseal forghníomhaithe ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá tiomnaithe do chaiteachas oibríochtúil, a shroich 70 %; ag cur sonrú sa mhíniú ar an gcomhghnóthas agus sna haistrithe a rinneadh ar ais chuig ranníocaíochtaí Stát Óstach Euratom agus ITER a bhí beartaithe ar dtús agus á iarraidh go ginearálta ar an gcomhghnóthas luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad; ag tabhairt dá haire gur thug na gnéithe sin, a bhaineann le moilleanna agus deacrachtaí cur chun feidhme, ar an gCúirt a mheas go raibh meánriosca ann do bhainistíocht buiséid an chomhghnóthais sin;

19. ag teacht le hábhair imní na Cúirte a mhéid a bhaineann le

leithreasuithe nár úsáideadh i gcur chun feidhme clár de chuid comhghnóthas áirithe agus á iarraidh ar na comhghnóthais lena mbaineann atarlú cásanna comhchosúla a sheachaint, ós rud é go mbíonn barrachas airgid mar thoradh ar charnadh leithreasuithe nár úsáideadh, nach bhfuil, dá bhrí sin, ar fáil don Aontas chun gníomhaíochtaí agus cláir eile a mhaoiniú; á chur i bhfios go láidir nach bhfuil sé sin i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus go bhfuil barrachas airgid EUR 1,5 billiún san iomlán ann don bhliain airgeadais 2023 mar thoradh air; ag teacht leis an moladh ón gCúirt maidir le gníomhaíocht i ndáil leis sin ina moltar gur cheart do na comhghnóthais lena mbaineann sásraí ceartaitheacha a fhorbairt chun a mbarrachas airgid a laghdú go leibhéal réasúnta agus ina dhiaidh sin a n-iarrataí ar airgead tirim do gach bliain airgeadais a ailíniú lena riachtanais chaiteachais mheasta, i gcomhar leis an gCoimisiún; á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas faoi dheiseanna faoi rialacha airgeadais na gcomhghnóthas lena mbaineann maidir le leithreasuithe nár úsáideadh atá le hiontráil sa mheastachán ar ioncam agus caiteachas suas leis na 3 bliana airgeadais tar éis a nglactha; á chur in iúl, mar sin féin, go bhfuil imní níos beaichte uirthi maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na heasnaimh i bpleanáil airgid an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan, tar éis na hiarrata ar ranníocaíochtaí airgeadais breise ón Aontas de EUR 178 milliún de bhreis ar na riachtanais airgid le haghaidh íocaíocht bheartaithe in 2023, a raibh barrachas airgid EUR 237 milliún ag deireadh 2023 mar thoradh orthu; ag cur sonrú, áfach, sa mhíniú ar an gcomhghnóthas; á iarraidh an athuair, mar sin féin, ar an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan nach dtarlóidh a leithéid arís agus á chur in iúl gur geal léi na coigeartuithe a d’fhógair an comhghnóthas do 2024;

(b) na heasnaimh i bpleanáil airgid an Chomhghnóthais um Shliseanna, tar éis na hiarrata ar ranníocaíochtaí airgeadais breise EUR 196 mhilliún ón Aontas de bhreis ar na riachtanais airgid le haghaidh íocaíocht bheartaithe in 2023, rud a d’fhág go raibh barrachas airgid EUR 438 milliún ann ag deireadh 2023 mar thoradh air; ag cur sonrú, áfach, sa mhíniú ar an gcomhghnóthas; á iarraidh an athuair, mar sin féin, ar an gComhghnóthas um Shliseanna a chinntiú nach dtarlódh a leithéid arís agus á chur in iúl gur geal léi an uaillmhian a d’fhógair an comhghnóthas do 2024;

(c) na heasnaimh i bpleanáil airgid an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh, tar éis na hiarrata ar ranníocaíochtaí airgeadais breise ón Aontas de EUR 488,6 milliún de bhreis ar na riachtanais airgid le haghaidh íocaíocht bheartaithe in 2023, rud a d’fhág go raibh barrachas airgid EUR 840,7 milliún ag deireadh 2023 mar thoradh air; á chur in iúl go dtuigeann sí an staid ina raibh an comhghnóthas as ar eascair an barrachas sin agus á chur in iúl gur geal léi an fhaisnéis

bhreise a cuireadh ar fáil le linn éisteacht an chomhghnóthais lena mbaineann sa Choiste um Rialú Buiséadach, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hionchais do thionscadail a bhaineann leis an Intleacht Shaorga chun deis a thabhairt eisíocaíocht thábhachtach a chur ar fáil; á iarraidh an athuair, mar sin féin, ar an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid sin arís;

20. á chur i bhfáth go neartóidh gach comhghnóthas rialuithe inmheánacha airgeadais agus sásraí trédhearcachta poiblí, lena n-áiritheofar go ndáilfear cistí go héifeachtúil agus ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais;

21. ag athdhearbhú ábhair imní na Cúirte maidir le ranníocaíocht na gcomhaltaí le comhghnóthais áirithe, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht nach bhféadfadh roinnt comhghnóthas a spriocanna ranníocaíochta a bhaint amach nó nach ndéanfadh siad amhlaidh ach amháin trí spleáchas ard ar ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí breise agus á iarraidh ar na comhghnóthais lena mbaineann gach beart is gá a dhéanamh chun cosc a chur ar na cásanna sin teacht chun cinn amach anseo; á chur i bhfios go láidir gurb é freagracht agus oibleagáid na gcomhghnóthas lena mbaineann na spriocanna rannchuidithe a bhaint amach agus go dtéann mainneachtain spriocanna ranníocaíochta a bhaint amach i gcoinne smaoineamh bunaidh na gcomhghnóthas; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, ar bhealach níos beaichte, na gnéithe seo a leanas:

    (a) cás Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, nár shroich a sprioc ranníocaíochta oibríochtúla de chuid a chomhalta Eurocontrol ach leibhéal 70 %, rud a d’fhág nach raibh na ranníocaíochtaí beartaithe ag an gcomhghnóthas chun a chuid de Fís 2020 a chur chun feidhme ina iomláine; ag tabhairt dá haire, áfach, nár thug an ghné sin ar an gCúirt a mheas go raibh an riosca do chur chun feidhme an chláir ina mheán-riosca nó ina ard-riosca don chomhghnóthas sin, toisc gur measadh go raibh sé íseal;

    (b) cás an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach, a d’fheidhmigh go maith chun a sprioc ranníocaíochta faoin gclár Fís 2020 a bhaint amach, ach go háirithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir na spriocanna maidir le ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus maidir le ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí breise, agus an ceann deireanach sin ardaithe go EUR 2 444,5 milliún, a chomhfhreagraíonn do 90 % den sprioc fhoriomlán; á chur i bhfios go láidir go bhfuil riosca ag baint le spleáchas den sórt sin ar ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí breise do chur chun feidhme chlár Fís 2020; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tionchar suntasach ag an athbhreithniú a rinne

an comhghnóthas; ag cur sonrú sa mhíniú ar an gcomhghnóthas agus san fhíoras go rannchuidíonn gníomhaíochtaí breise le cuspóirí foriomlána an chomhghnóthais; á chur i bhfáth, mar sin féin, gur spleáchas iomarcach é sin ar ranníocaíocht chomhchineáil le gníomhaíochtaí breise chun spriocanna bunaithe a bhaint amach agus á iarraidh ar an gcomhghnóthas a chinntiú nach dtarlódh a leithéid arís; ag tabhairt dá haire gur thug na gnéithe sin ar an gCúirt a mheas go raibh riosca ard ann do chur chun feidhme an chláir don chomhghnóthas sin;

(c) cás an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh, nár shroich a ranníocaíocht ó chomhaltaí príobháideacha faoin gclár Fís 2020 ach méid tuairiscithe EUR 18,4 milliún i gcoinne sprioc EUR 420 milliún, ar difríocht thromchúiseach í; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhféadfadh cás den sórt sin tarlú arís faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gclár don Eoraip Dhigiteach ós rud é go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an sprioc ranníocaíochta do chomhaltaí príobháideacha go EUR 900 milliún agus go bhfuil na socruithe maoinithe ba chúis le deacrachtaí do chomhaltaí príobháideacha faoin gclár Fís 2020 fós i bhfeidhm; ag tabhairt dá haire gur thug na gnéithe sin ar an gCúirt a mheas go raibh riosca ard ann do chur chun feidhme an chláir don chomhghnóthas sin; á chur in iúl go dtuigeann sí ón bhfaisnéis bhreise a sholáthraítear le linn éisteacht an chomhghnóthais lena mbaineann sa Choiste um Rialú Buiséadach go bhfuiltear ag déileáil leis an tsaincheist seo i gcomhar leis an mBord Rialaithe; ag teacht, mar sin féin, leis an moladh ón gCúirt maidir le gníomhaíocht i ndáil leis sin ina moltar gur cheart don Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach tacú le hathmheasúnú an Choimisiúin ar an sprioc reatha chun a áirithiú gur féidir leis a sprioc ranníocaíochta do chomhaltaí príobháideacha faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gclár don Eoraip Dhigiteach a bhaint amach agus á chur i bhfáth arís eile nár cheart baint amach spriocanna ranníocaíochta a mheas mar uaillmhian amháin ach mar dhualgas;

22. á chur i bhfios go láidir, chun éifeachtúlacht níos fearr a chur chun cinn, go bhforáiltear le Bunghníomh Aonair na gcomhghnóthas d’oibleagáid ar chomhghnóthais sineirgí a bhaint amach trí shocruithe cúloifige a bhunú a fheidhmíonn i sraith réimsí sainaitheanta; á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfuil ceithre réimse sainaitheanta mar thosaíocht ag na comhghnóthais lena mbaineann, eadhon gníomhaíochtaí cuntasaíochta, gníomhaíochtaí dlíthiúla, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus acmhainní daonna; á chur in iúl gur geal léi go háirithe:

(a) go bhfuil feidhm leis na socruithe cúloifige atá tiomnaithe do ghníomhaíochtaí cuntasaíochta ó mhí na Nollag 2022 agus, dá bhrí sin, go raibh feidhm leo don bhliain airgeadais 2023 ina

hiomláine, rud a d'fhéadfaí a thabhairt faoi deara i dtáirgeadh na gcuntas bliantúil chomh maith leis an bhfíoras go raibh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa ar thús cadhnaíochta maidir leis na socruithe cúloifige sin a oibriú;

(b) go raibh an Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe agus Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach ar thús cadhnaíochta maidir le socruithe cúloifige a oibriú chun earcaíocht choiteann, creat dlíthiúil acmhainní daonna agus digitiú acmhainní daonna a bhainistiú;

(c) go raibh an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan agus Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach ar thús cadhnaíochta maidir le socruithe cúloifige a oibriú chun seirbhísí Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide a bhainistiú;

(d) go raibh an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan, an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa agus an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach ar thús cadhnaíochta maidir le socruithe cúloifige a oibriú chun soláthairtí riaracháin a bhainistiú;

(e) go bhfuil plean straitéiseach comhpháirteach TFC na gcomhghnóthas atá lonnaithe i bhfoirgneamh an White Atrium á chur chun feidhme a thuilleadh ag comhghnóthais;

23. á iarraidh ar na comhghnóthais ar ábhar imní dóibh an oibleagáid faoin mBunghníomh Aonair leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar a mbunú socruithe cúloifige, chun faisnéis shoiléir a sholáthar maidir leis na comhghnóthais a oibríonn cúraimí do chomhghnóthais eile i réimsí áirithe, chun cumarsáid, lóistíocht, imeachtaí agus bainistiú seomra cruinnithe a áireamh a luaithe is féidir chomh maith leis an tacaíocht do straitéisí iniúchóireachta agus frithchalaoise ar liosta na dtosaíochtaí agus faisnéis a sholáthar maidir leis na réimsí atá le breithniú chun socruithe cúloifige a bhunú amach anseo, a luaithe a bheidh socruithe sna réimsí a shainaithnítear mar thosaíocht tugtha i gcrích;

***Soláthar agus tairiscintí***

24. ag teacht le hábhair imní na Cúirte maidir le nósanna imeachta soláthair agus á iarraidh ar chomhghnóthais a áirithiú nach mbeidh riosca méadaithe do dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais oibríochtúil mar thoradh ar chomhlíonadh na bhforálacha dlíthiúla ábhartha agus ar chastacht riachtanach nósanna imeachta soláthair áirithe; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, ar bhealach níos beaichte, an méid seo a leanas:

(a) cásanna Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach agus an Chomhghnóthais um Shliseanna, ar thug an Chúirt laigí

faoi deara ina leith i ndearadh agus i meastóireacht nós imeachta soláthair shuntasaigh amháin; ag tabhairt dá haire, áfach, nár thug an ghné sin ar an gCúirt a mheas go raibh an riosca do chaiteachas rialaithe oibríochtúil ina mheánriosca nó ina ardriosca don chomhghnóthas sin; á chur i bhfáth, mar sin féin, go bhféadfadh conarthaí agus íocaíochtaí neamhrialta a bheith mar thoradh ar laigí den sórt sin mura dtugtar aghaidh orthu i nósanna imeachta soláthair amach anseo; á chur in iúl gur geal léi ullmhacht na gcomhghnóthas gníomhaíocht a dhéanamh maidir leis na cásanna sonracha sin agus feabhas a chur ar a bpróisis soláthair;

(b) go bhfuil meastóireacht déanta ag an gCúirt ar an riosca do chaiteachas conartha oibríochtúil a bheith ar mheánriosca don Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach agus don Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt mar gheall ar a nósanna imeachta casta soláthair le haghaidh conarthaí ardluacha;

25. á chur i bhfios go láidir neamhchosaint airgeadais an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh ar sholáthróir a bhfuil deacrachtaí aige a ndéanann an comhghnóthas meastóireacht orthu idir tionchar íseal féideartha EUR 0 agus tionchar uasta measta EUR 88 milliún; á chur in iúl go dtuigeann sí ó chuntais bhliantúla an chomhghnóthais go bhfuil grinnscrúdú cúramach á dhéanamh ar an staid sin; á iarraidh ar an gcomhghnóthas gach beart is gá a dhéanamh chun dliteanais airgeadais a íoslaghdú; á chur in iúl gur geal léi an fhaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil le linn éisteacht an chomhghnóthais lena mbaineann sa Choiste um Rialú Buiséadach, go háirithe maidir leis na ráthaíochtaí breise a d’iarr an comhghnóthas lena mbaineann chun an dliteanas airgeadais sin a íoslaghdú chomh maith leis an míniú a tugadh ar phríomhról an tsoláthróra shonraigh sin;

26. ag tabhairt dá haire go n-athraíonn leibhéil na mionsonraí agus leibhéal na hinrochtaineachta a mhéid a bhaineann leis na sonraí cainníochtúla arna soláthar ag na comhghnóthais maidir le cothromaíocht inscne na saineolaithe a roghnaíodh chun oibriú leis na comhghnóthais; á iarraidh ar na comhghnóthais uile trédhearcacht a mhéadú agus sonraí cainníochtúla soiléire maidir le cothromaíocht inscne a áireamh i measc na saineolaithe a roghnófar ina dTuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí amach anseo; á iarraidh ar na comhghnóthais uile dlús a chur lena n-iarrachtaí comhionannas inscne a chur chun cinn ar gach leibhéal agus a áirithiú go leanfaidh cothromaíocht inscne de bheith ina tosaíocht chothrománach i ngach gníomhaíocht a bhaineann le soláthar, deontais agus tairiscintí agus mínithe a thabhairt nuair nach féidir cothromaíocht inscne a bhaint amach;

27. ag tabhairt dá haire go n-athraíonn leibhéil na mionsonraí agus

leibhéal na hinrochtaineachta a mhéid a bhaineann leis na sonraí cainníochtúla arna soláthar ag na comhghnóthais maidir le dáileadh geografach na saineolaithe a roghnaíodh chun oibriú leis na comhghnóthais; á iarraidh ar na comhghnóthais uile sonraí cainníochtúla soiléire maidir le dáileadh geografach na saineolaithe a roghnófar a áireamh ina dTuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí amach anseo; á iarraidh ar na comhghnóthais uile a áirithiú go leanfaidh dáileadh geografach de bheith ina thosaíocht chothrománach i ngach gníomhaíocht a bhaineann le soláthar, deontais agus tairiscintí agus mínithe a thabhairt nuair nach féidir dáileadh geografach leordhóthanach a bhaint amach;

28. á iarraidh go ndéanfaí dáileadh geografach cothrom ar chistiú ó na comhghnóthais, lena n-áiritheofar go bhfaighidh réigiúin a bhfuil acmhainneacht nuálaíochta níos ísle acu agus FBManna tacaíocht leormhaith;

***Foireann agus earcaíocht***

29. á chur in iúl gur cúis bhuartha di staid na himeartha maidir le hearcú laistigh den Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach, a fuair 39 bpost breise le hearcú faoi dheireadh na bliana airgeadais 2023 chun na cistí suntasacha a fuarthas faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha a chur chun feidhme ach nár éirigh leo ach 21 bhall foirne breise a earcú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, thairis sin, measúnú na Cúirte inar cinneadh nach raibh nósanna imeachta earcaíochta na gcomhghnóthas trédhearcach go leor mar gheall ar easpa eangacha scórála soiléire a comhaontaíodh roimhe sin chun measúnú a dhéanamh ar iarrthóirí agus ar a gcáilíochtaí agus mar gheall ar easpa doiciméadachta leordhóthanaí maidir leis an mbunphróiseas cinnteoireachta; á chur in iúl gurb oth léi, dar leis an gCúirt, go bhféadfadh sé go raibh easpa córa comhionainne d’iarrthóirí mar thoradh ar an staid sin; á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach cur i bhfeidhm caighdeán dúbailte a sheachaint le linn an phróisis earcaíochta agus á iarraidh go ndéanfaí gach gníomhaíocht is gá ina leith sin; ag teacht leis an moladh ón gCúirt maidir le gníomhaíocht i ndáil leis sin ina moltar gur cheart don Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a fhoireann mhéadaithe a úsáid chun a sprioc earcaíochta a bhaint amach faoi dheireadh 2024 agus, chun trédhearcacht a nósanna imeachta earcaíochta a mhéadú agus chun bunús a thabhairt le próisis chinnteoireachta an choiste roghnúcháin, gur cheart don Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach greille scórála réamhaontaithe a úsáid le linn na céime réamhroghnúcháin, i gcomhréir le cleachtas na gcomhghnóthas eile agus chomhlachtaí eile an Aontais; á chur in iúl gur geal léi ullmhacht an chomhghnóthais moltaí le haghaidh feabhsuithe a chomhtháthú;

30. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le beartas foirne comhleanúnach agus cothrom ar fud na gComhghnóthas uile chun

dálaí oibre leormhaithe agus cuimsitheacha, deiseanna forbartha gairme, agus cothromaíocht oibre is saoil don fhoireann a áirithiú; á iarraidh go gcuirfí bearta chun feidhme chun spleáchas iomarcach ar chonarthaí sealadacha agus ar fhostaíocht fhorbhásach a chosc; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá struchtúir tacaíochta meabhairshláinte, socruithe solúbtha oibre, agus deiseanna cothroma maidir le cur chun cinn inmheánach chun folláine na foirne a fheabhsú;

31. á iarraidh ar na comhghnóthais uile bearta nithiúla a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar chothromaíocht inscne i bpoist cheannaireachta agus i gcomhlachtaí cinnteoireachta, lena n-áirítear spriocanna maidir le cothromaíocht inscne a shocrú agus faireachán rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn; á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar bhearnaí pá idir na hinscní agus comhdheiseanna a áirithiú le haghaidh dul chun cinn gairme;

32. ag tabhairt dá haire gur mheas an Chúirt go raibh an riosca do dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais riaracháin íseal do gach comhghnóthas seachas an Comhghnóthas um Shliseanna agus an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach ar measadh é a bheith ina mheánriosca ina leith mar gheall ar a n-ardleibhéal earcaíochta, agus don Chomhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste agus do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3, mar gheall ar a neamhspleáchas airgeadais le déanaí;

33. á chur in iúl gur cúis bhuartha di staid an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt a mhéid a bhaineann le gnéithe éagsúla a bhaineann le bainistíocht acmhainní daonna arna dtabhairt faoi deara ag an gCúirt, go háirithe maidir le soláthraithe seirbhíse seachtracha a úsáid, go háirithe:

    (a) spleáchas tábhachtach an chomhghnóthais ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha, mar a tugadh faoi deara go raibh beagnach leath d’fhoireann an chomhghnóthais ina soláthraithe seirbhíse seachtracha (361 soláthraí seirbhíse seachtracha agus 429 mball foirne reachtúla in 2023), rud a fhágann gur saincheist chriticiúil í an staid sin a bhféadfadh tionchar mórscála a bheith aici ar chumas an chomhghnóthais a acmhainní daonna a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus acmhainneacht chun eolas agus cuimhne institiúideach a choinneáil á háirithiú ag an am céanna, rud a cheadaíonn gnóthachain airgeadais san fhadtéarma freisin;

    (b) nár ghlac an comhghnóthas sainmhíniú foirmiúil uathúil ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha, rud a d’fhág go raibh easpa soiléireachta ina mheasúnú ar a dtionchar ar riachtanais foirne reachtúla; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nár áiríodh i gclár riosca an chomhghnóthais na rioscaí uile a d’fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le hardleibhéal spleáchais ar sholáthraithe

seirbhíse seachtracha san fhadtéarma, rud a d’fhéadfadh cosc a chur ar rialú inmheánach an chomhghnóthais bearta maolaithe leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin;

(c) torthaí an iniúchta a rinne seirbhís iniúchóireachta inmheánaí an Choimisiúin ar an ábhar seo a léirigh nach raibh feidhm láraithe curtha ar bun ag an gcomhghnóthas chun soláthraithe seirbhíse seachtracha a chomhordú agus a bhainistiú, ná nach raibh modheolaíocht curtha ar bun aige chun measúnú a dhéanamh ar a riachtanais acmhainní daonna chomhiomlána, agus go háirithe a riachtanais le haghaidh soláthraithe seirbhíse seachtracha; á chur i bhfios go láidir gur tugadh faoi deara go raibh cinneadh an chomhghnóthais maidir le húsáid soláthraithe seirbhíse seachtracha bunaithe, dá bhrí sin, ar ábhair imní bhuiséadacha seachas ar riachtanais acmhainní daonna;

(d) an easpa trédhearcachta i dtuairisciú an chomhghnóthais maidir lena acmhainní daonna; go háirithe maidir le baill foirne bhuana agus neamhbhuana a chur i láthair, ós rud é go raibh conradh éiginnte le fírinne ag 224 den 386 bhall foirne shealadacha agus ar conradh agus go bhféadfaí a mheas, dá bhrí sin, gur baill foirne bhuana iad ó thaobh na praiticiúlachta de; á iarraidh ar an gcomhghnóthas béim a leagan ar na miondifríochtaí sin amach anseo ina thuairisciú ar acmhainní daonna;

(e) ag teacht leis an moladh ón gCúirt le haghaidh gníomhaíochta ina moltar gur cheart don Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt feidhm láraithe comhordaithe agus bainistíochta a bhunú do sholáthraithe seirbhíse seachtracha agus modheolaíocht chuimsitheach a ghlacadh chun measúnú rialta a dhéanamh ar a riachtanais acmhainní daonna iomlána bunaithe ar an ualach oibre a bhfuiltear ag dréim leis agus ar na scileanna riachtanacha agus gur cheart don chomhghnóthas lena mbaineann a chlár rioscaí a fhorlíonadh freisin leis na rioscaí is tábhachtaí a eascraíonn as ardleibhéal úsáide soláthraithe seirbhíse seachtracha san fhadtéarma;

(f) á chur in iúl gur geal léi na gealltanais a thug an comhghnóthas agus á chur in iúl gur geal léi an míniú a thug sé ar na dúshláin as a n-eascraíonn úsáid thábhachtach soláthraithe seirbhíse seachtracha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, mar sin féin, an spleáchas tábhachtach sin agus na rioscaí gaolmhara; á iarraidh ar an gcomhghnóthas faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil amach anseo maidir leis na próisis chinnteoireachta as a n-eascróidh úsáid soláthraithe seirbhíse seachtracha;

34. ag tabhairt dá haire go n-athraíonn leibhéil na mionsonraí agus leibhéal na hinrochtaineachta a mhéid a bhaineann leis na sonraí

cainníochtúla arna soláthar ag na comhghnóthais maidir le cothromaíocht inscne i measc a bhfoirne agus laistigh dá gcomhlachtaí agus dá struchtúir rialaithe ina dTuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí; á iarraidh ar na comhghnóthais uile roinn shoiléir atá tiomnaithe do shonraí cainníochtúla maidir le cothromaíocht inscne i measc a bhfoirne agus laistigh dá gcomhlachtaí rialaithe agus dá struchtúir a áireamh ina dTuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí amach anseo, lena n-áirítear dí-chomhiomlánú sonraí idir leibhéil éagsúla freagrachta agus cineálacha éagsúla conartha; á iarraidh ar na comhghnóthais uile a áirithiú go leanfaidh cothromaíocht inscne de bheith ina cuspóir ar gach leibhéal freagrachta agus leanúint dá n-iarrachtaí í a fheabhsú, chun ionadaíocht chothrom ar an tsochaí laistigh dá bhfoireann a áirithiú agus chun timpeallacht oibre shláintiúil agus tháirgiúil a chur chun cinn agus mínithe a thabhairt nuair nach féidir cothromaíocht inscne a bhaint amach;

35. ag tabhairt dá haire go n-athraíonn leibhéil na mionsonraí agus leibhéal na hinrochtaineachta a mhéid a bhaineann leis na sonraí cainníochtúla arna soláthar ag na comhghnóthais maidir leis an dáileadh geografach laistigh dá bhfoireann agus laistigh dá gcomhlachtaí agus dá struchtúir rialaithe ina dTuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí; á iarraidh ar na comhghnóthais uile roinn shoiléir atá tiomnaithe do shonraí cainníochtúla maidir le dáileadh geografach i measc a bhfoirne agus laistigh dá gcomhlachtaí rialaithe agus dá struchtúir a áireamh ina dTuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí amach anseo, lena n-áirítear dí-chomhiomlánú sonraí idir leibhéil éagsúla freagrachta agus cineálacha éagsúla conartha; á iarraidh ar gach comhghnóthas a áirithiú go leanfaidh dáileadh geografach sásúil de bheith ina chuspóir ar gach leibhéal freagrachta agus mínithe a thabhairt nuair nach féidir dáileadh geografach leordhóthanach a bhaint amach;

36. á chur in iúl gur geal léi obair Líonra Gníomhaireachtaí AE (EUAN) agus a Mheitheal um Éagsúlacht agus Cuimsiú as ar eascair Cairt EUAN um Éagsúlacht agus Cuimsiú; á iarraidh ar chomhghnóthais an Chairt seo a ghlacadh;

37. á chur i bhfios go láidir go n-áiritheoidh comhghnóthais go rannchuideoidh tionscadail chistithe leis an bhfolláine shóisialta agus leis an gcuimsitheacht, go n-urramóidh siad cearta agus dálaí saothair oibrithe agus go mbeidh siad i gcomhréir le prionsabail an aistrithe chóir chuig teicneolaíochtaí inbhuanaithe;

***Córais bhainistíochta agus rialaithe***

38. á chur in iúl gur geal léi obair na Cúirte maidir le scrúdú a dhéanamh ar íocaíochtaí deontais arna ndéanamh ag na deich gcomhghnóthas a chuireann tionscadail taighde agus nuálaíochta chun feidhme, go háirithe maidir lena hiniúchadh comhlántach ar

shampla d’íocaíochtaí deontais ar leibhéal na dtairbhithe faoi Fhís 2020; á chur in iúl gur cúis bhuartha di torthaí an scrúdaithe sin a léirigh go raibh earráidí sistéamacha leanúnacha ann, go háirithe maidir le costais dhearbhaithe phearsanra agus trealaimh; á iarraidh go gceartófaí na hearráidí sistéamacha;

39. á chur i bhfios go láidir gur aimsigh an Chúirt cás amháin d’earráid chainníochtaithe agus thromchúiseach in íocaíochtaí faoi Fís 2020 don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan, do Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach, don Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan, don Chomhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe, agus do Chomhghnóthas um Iarnród na hEorpa; á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh a rinneadh i ndáil leis sin chun feasacht a mhúscailt ar leibhéal na dtairbhithe; á iarraidh ar na comhghnóthais uile dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais oibríochtúil a áirithiú agus á chur i bhfios go láidir gur mheas an Chúirt go raibh an riosca d’íocaíochtaí deontais eatramhacha agus deiridh na gcomhghnóthas ina mheánriosca;

40. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a chur chun feidhme: i) oiliúint airgeadais éigeantach do thairbhithe na gcomhghnóthas chun earráidí cuntasaíochta athfhillteacha a chosc; ii) uirlisí físoraithe uathoibrithe chun feabhas a chur ar chruinneas i ríomhanna na gcostas pearsanra; iii) nósanna imeachta iniúchóireachta *ex-ante* níos láidre chun úsáid chuí chistí an Aontais a áirithiú;

41. á chur in iúl gur geal léi, de réir eachtarshuíomh na Cúirte do gach comhghnóthas, go bhfuil an meánráta earráide díreach faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 % do chaiteachas deontais, chomh maith leis an bhfíoras go raibh na rátaí earráidí iarmharacha arna ríomh ag comhsheirbhís iniúchóireachta an Choimisiúin faoi bhun na tairsí ábharthachta freisin;

42. ag tabhairt dá haire go raibh líon na n-íocaíochtaí eatramhacha ó Fhís Eorpach agus ón Eoraip Dhigiteach róbheag le bheith sa sampla a ndearna an Chúirt iniúchadh air in 2023;

43. ag tabhairt dá haire go ndearnadh roinnt athruithe ar chreat rialaithe inmheánaigh na gcomhghnóthas faoi Fís Eorpach, go háirithe nach bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a thuilleadh iniúchtaí ionadaíocha *ex-post* sonracha a dhéanamh thar ceann gheallsealbhóirí aonair Fís Eorpach, amhail comhghnóthais; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún an t-athrú céanna a chur i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí deontais faoin Eoraip Dhigiteach;

44. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa cumarsáide, comhair agus comhordaithe idir bainistiú riosca an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus a

fheidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí, chomh maith leis an easpa ghaolmhar próisis chomhtháite bainistithe riosca agus nach bhféadfadh an comhghnóthas fianaise shásúil a sholáthar go n-úsáideann sé faisnéis bainistithe riosca go rialta agus gníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí á bpleanáil aige; ag teacht leis an moladh ón gCúirt maidir le gníomhaíocht i ndáil leis sin ina moltar go gcuirfeadh an comhghnóthas lena mbaineann próiseas comhtháite bainistíochta riosca chun feidhme ina chreat rialaithe inmheánaigh chun a rioscaí a bhainistiú go héifeachtach; á chur in iúl gur geal léi pleananna an chomhghnóthais gníomhaíocht a dhéanamh maidir leis an tsaincheist sin;

45. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé plean cuimsitheach agus cothrom le dáta leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste a chur chun feidhme do na comhghnóthais; á chur in iúl gur oth léi, i ndáil leis sin, nach raibh beartas sásúil i bhfeidhm ag na comhghnóthais ag deireadh na bliana airgeadais 2023, cé is moite den Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt, ina leith sin; á chur in iúl gur geal léi pleananna an chomhghnóthais gníomhaíocht a dhéanamh maidir leis an tsaincheist sin;

46. á chur i bhfios nach raibh creat rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin curtha chun feidhme go hiomlán fós ag an gComhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste ná ag Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 agus á iarraidh ar an dá chomhghnóthas sin an creat sin a chur chun feidhme go hiomlán;

***Calaois, eitic agus coinbhleachtaí leasa***

47. ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt fógra don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) faoi chalaois amhrasta le linn a hiniúchta ar an mbliain airgeadais 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí gur dhíbh OLAF an cás ina dhiaidh sin toisc nár tugadh faoi deara aon chalaois i ndáil leis an ábhar foirne lena mbaineann; á chur in iúl gur geal léi dícheall na Cúirte agus an comhar laistigh den ollstruchtúr frith-chalaoise;

48. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé beartas rialaithe inmheánaigh maidir le feidhmeanna íogaire a chur chun feidhme do na comhghnóthais***;*** á chur i bhfáth gur féidir le beartas den sórt sin an riosca a bhaineann le gníomhaíocht mhíchuí nó chalaoiseach a chosc agus a mhaolú; á chur in iúl gur oth léi, ag deireadh na bliana airgeadais 2023, nach raibh beartas fós ag Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, ag an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan, ag an gComhghnóthas um Shliseanna, ag an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach ná ag an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt ina leith sin; ag cur béim ar chineál criticiúil an cháis sin agus ag tathant ar na comhghnóthais gníomhaíocht a dhéanamh gan

aon mhoill mhíchuí;

49. ag tabhairt dá haire an méid a tharla leis an gComhghnóthas um Shliseanna dá dtagraítear ag an gCúirt, ina ndeachaigh duine dá iarchomhaltaí foirne sinsearacha a d'fháig an comhghnóthas i mbun gníomhaíocht ghairme nua le déanaí gan fógra a thabhairt roimh ré don chomhghnóthas lena mbaineann; á iarraidh ar an gcomhghnóthas lena mbaineann agus ar gach comhghnóthas eile faireachán gníomhach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí gairme nua iarchomhaltaí foirne sinsearaí chomh maith le gníomhaíochtaí gairme na gcomhaltaí foirne a bhfuil feidhm íogair acu; á chur in iúl gur geal léi an fhaisnéis bhreise a chuir an comhghnóthas lena mbaineann ar fáil maidir leis an gcás sonrach sin;

50. á iarraidh ar na comhghnóthais uile feabhas a chur ar a mbeartais trédhearcachta, go háirithe maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann; ag tathant ar chomhghnóthais dearbhuithe leasa a fhoilsiú dá gcomhaltaí de bhoird bhainistíochta, de choistí eolaíocha agus de shaineolaithe seachtracha, lena n-áiritheofar go nochtfar aon naisc airgeadais, ghairmiúla nó phearsanta le heintitis a bhaineann tairbhe as cistiú ó na comhghnóthais; á áitiú go dtabharfaí isteach tréimhse 'mharana' éigeantach d'fhoireann shinsearach na gcomhghnóthas sular féidir leo dul i mbun fostaíochta in eagraíochtaí a fhaigheann cistiú ó na comhghnóthais;

51. ag tabhairt dá haire an fhaisnéis arna tuairisciú ag na comhghnóthais maidir lena ngníomhaíochtaí a bhaineann le calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú; á iarraidh ar na comhghnóthais uile a ról a neartú agus a laigí a shainaithint trí pháirt bhreise a ghlacadh i bplé frithchalaoise agus tuairisciú ar na gnéithe sin agus cur i láthair soiléir ar an gcreat dlíthiúil agus ar na beartais a cuireadh i bhfeidhm ina leith sin a áireamh ina dtuarascálacha amach anseo;

***Barúlacha maidir leis an obair leantach a rinne na comhghnóthais ar an gcleachtadh um urscaoileadh roimhe seo***

52. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tuarascáil leantach ar rúin ó Pharlaimint na hEorpa curtha i dtoll a chéile ag comhghnóthais ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na gcomhghnóthas don bhliain airgeadais 2022; ag tabhairt dá haire go léiríonn na tuarascálacha sin go leibhéal sásúil tuairimí na gcomhghnóthas maidir leis na saincheisteanna ar chuir Parlaimint na hEorpa béim orthu;

53. á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear sa tuarascáil ón gCúirt freisin anailís ar an obair leantach a rinne comhghnóthais ar bharúlacha roimhe seo agus ar mholtaí le haghaidh gníomhaíochtaí a d'fhoilsigh an Chúirt; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis sin, as 37 mbarúil nár tugadh aghaidh orthu go leordhóthanach ag deireadh 2022, gur

dúnadh 16 bharúil agus go raibh 21 bharúil fós oscailte ag deireadh 2023; ag tabhairt dá haire, thairis sin, as na 15 ghníomhaíocht a moladh i dtuarascálacha bliantúla 2021 agus 2022, go raibh 9 gcinn curtha chun feidhme go hiomlán, 2 cheann curtha chun feidhm den chuid is mó, 3 cinn curtha chun feidhme ar bhealaí áirithe agus ceann amháin nár cuireadh chun feidhme ar chor ar bith; á chur in iúl go dtuigeann sí go mbaineann roinnt moltaí nach mór a chur chun feidhme tuilleadh fós go príomha le saincheisteanna acmhainní daonna nach féidir leis na comhghnóthais a chur chun feidhme ach amháin i gcomhar le hArd-Stiúrthóireacht an Bhuiséid sa Choimisiún agus a luaithe a bheidh iarratais réidh le cur chun feidhme; á chur in iúl go dtuigeann sí gur cuireadh na moltaí ba ghá a chur chun feidhme roimh dheireadh 2023 chun feidhme in am trátha;

54. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil spriocdháta curtha ar fáil anois ag an gCúirt do chur chun feidhme gach ceann dá moltaí oscailte le haghaidh gníomhaíochta, a sainíodh i gcomhar leis na comhghnóthais chun a n-indéantacht a áirithiú; á iarraidh ar na comhghnóthais uile leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar na saincheisteanna sin don Chúirt agus do Pharlaimint na hEorpa;

55. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na dúshláin leanúnacha a bhaineann le róchaiteachas, moilleanna, agus saincheisteanna rialachais i gcur chun feidhme thionscadal ITER; á iarraidh go mbeadh formhaoirseacht airgeadais níos fearr agus trédhearcacht bhuiséadach fheabhsaithe ann, lena n-áirítear tuairisciú poiblí níos mionsonraithe ar fhorbairtí costais, éifeachtúlacht caiteachais, agus dul chun cinn i dtreo príomh-gharspriocanna tionscadail; á chur i bhfáth go bhfuil gá le sásraí iniúchóireachta níos déine chun a áirithiú go n-úsáidfear ranníocaíochtaí an Aontais leis an tionscadal go héifeachtach; ag tathant ar an gcomhghnóthas rialachas inmheánach a neartú trí mheastóireachtaí rialta agus neamhspleácha ar rioscaí tionscadail a áirithiú agus trí shásraí cuntasachta a mhéadú don bhainistíocht shinsearach;

***Tosaíochtaí eile do na Comhghnóthais***

56. á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas faoi shrianta riaracháin agus buiséadacha na gcomhghnóthas agus i ndáil leis na srianta sin, á iarraidh ar chomhghnóthais a rannchuidiú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a scaipeadh ar bhealach níos fearr trí ábhar cumarsáide inrochtana atá ceaptha d’institiúidí acadúla agus taighde, d’eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha agus d’údaráis Eorpacha agus náisiúnta; á iarraidh go gcuirfí chun cinn leis an ábhar cumarsáide inrochtana sin na deiseanna le haghaidh conarthaí soláthair agus deontais arna dtairiscint ag na comhghnóthais i réimse na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta;

57. á iarraidh ar chomhghnóthais páirt réamhghníomhach a ghlacadh i

ngníomhaíochtaí cumarsáide chun raon leathan saoránach den Aontas Eorpach a bhaint amach in iarracht oideolaíoch chun a rannchuidiú le spriocanna comhchoiteanna agus an gá atá le comhpháirtíochtaí institiúidithe a bhfuil baint ag comhaltaí príobháideacha leo a chur i láthair;

58. á iarraidh ar na comhghnóthais comhar a bhunú le hollscoileanna chun teagmháil a dhéanamh le céimithe óga Eorpacha chun a bpróisis earcaíochta amach anseo a neartú;

59. á iarraidh ar chomhghnóthais leanúint de thuairisciú a dhéanamh go héifeachtach agus chomh fada lena n-acmhainneacht ar a rannchuidiú leis an bhfostaíocht agus le hiomaíochas gheilleagar na hEorpa, i bhfianaise gur gá do gheallsealbhóirí tábhachtacha uile an Aontais Eorpaigh i réimse an taighde agus na nuálaíochta díriú ar ationsclú an Aontais Eorpaigh;

60. á iarraidh ar chomhghnóthais leanúint de leibhéal leordhóthanach rannpháirtíochta a áirithiú do ghnólachtaí príobháideacha, go háirithe d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide, arb iad an tsócmhainn is láidre de chuid gheilleagar na hEorpa iad;

61. á iarraidh ar chomhghnóthais tuairisciú go héifeachtach ar a rannchuidiú le tosaíochtaí cothrománacha bhuiséad an Aontais Eorpaigh;

62. á iarraidh ar na comhghnóthais uile leanúint de bheith ag gníomhú le dúthracht agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu agus iad ag déileáil le geallsealbhóirí idirnáisiúnta, go háirithe i bhfianaise chóras na mbeart sriantach arna chur i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach; ag cur béim ar staid ar leith an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt i ndáil leis sin agus á chur in iúl gur geal léi na mínithe a tugadh le linn éisteacht an chomhghnóthais lena mbaineann sa Choiste um Rialú Buiséadach maidir le bearta a cuireadh i bhfeidhm chun aon saincheisteanna faoi chuimsiú thionscadal ITER a chosc;

63. á iarraidh ar na comhghnóthais uile a áirithiú go bhfuil a bhfoireann ag baint úsáid mhaith as sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le heintitis eile ón Aontas Eorpach, amhail gníomhaireachtaí, i ngach réimse ábhartha agus chun éifeachtúlacht agus tionchar a n-oibríochtaí a mhéadú; á iarraidh ar na comhghnóthais uile a áirithiú go bhfuil a bhfoireann ag baint dea-úsáid as an ardán arb ionann é agus Líonra Gníomhaireachtaí AE (EUAN);

64. ag cur béim ar an ngá atá le ceannasacht dhigiteach i dtaighde arna chistiú ag an Aontas; ag cur béim ar leith, i ndáil leis sin, ar an gComhghnóthas um Shliseanna, ar an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach, agus ar an gComhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste a thabharfaidh tús áite do thionscadail lena bhfeabhsaítear neamhspleáchas an Aontais i

monarú leathsheoltóirí, san intleacht shaorga agus sa chibearshlándáil; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú maidir le tionscadail arna gcistiú ag comhghnóthais: i) nach bhfuil siad ag brath an iomarca ar sholáthróirí tríú tír le haghaidh teicneolaíochtaí criticiúla; ii) go rannchuidíonn siad le hathléimneacht thionsclaíoch agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais; iii) go ndéanann siad taighde agus forbairt intíre a chothú i gcroíréimsí digiteacha;

***Iarraidh ar obair leantach***

65. á iarraidh ar gach comhghnóthas a bhí san áireamh maidir le hurscaoileadh a dheonú don bhliain airgeadais 2023 tuarascáil leantach aonair a chur ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí uile a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sonracha a luaitear sa rún seo agus an tuarascáil leantach sin arna síniú ag Stiúrthóir (Feidhmiúcháin) an chomhghnóthais a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2025;

66. á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh tuairimí ginearálta na gcomhghnóthas maidir leis an rún sin agus maidir le hábhair eile atá ábhartha don údarás um urscaoileadh a bheith sna tuarascálacha leantacha; ag dréim leis go ndéanfaidh na comhghnóthais an tuarascáil seo a dhréachtú le cur chuige cuimsitheach, go ndéanfaidh siad trácht ar na saincheisteanna uile a dtugann Parlaimint na hEorpa aghaidh orthu maidir lena ngníomhaíochtaí, agus go ndéanfaidh siad amhlaidh de mheon macánta agus le comhar.